



TEARMANN ÉANNA TEO

Iarratas ar Thairiscint

Seirbhísí Cuntasaíochta agus Párolla

Cúlra

Is comhlacht teoranta pobal bhunaithe é Tearmann Éanna a chuireann seirbhísí riachtanacha ar fáil do dhaoine atá ag dul in aois i gceantar Gaeltachta dheisceart Chonamara. Soláthraíonn an t-eagraíocht réimse leathan seirbhísí ina measc

- Tithe sóisialta
- Ionad lae
- Seirbhís béile ar rothaí
- Seirbhís cúram baile

Tá fás agus forbairt ag teacht ar an eagraíocht le blianta beaga anuas agus i láthair na huairé tá an comhlacht ag tabhairt faoi dhá láthair nua do thithe sóisialta a fhorbairt chomh maith le seirbhís cúram baile a sholáthar do dhaoine ina dtithe féin. Cuideoidh na tionscnaimh seo go mór le daoine atá ag dul in aois maireachtáil go neamhspleách ina dtithe féin.

Tá Tearmann Éanna mórtasach as na seirbhísí a chuireann sé ar fáil do cheann de na grúpaí daoine is leochailí sa phobal. Tá sé de rún ag an gcomhlacht leanúint de bheith ag forbairt na heagraíochta agus cur leis an bhfreastal a dhéantar ar na spriocghrúpaí a thagann faoinár gcúram.

Struchtúr na hEagraíochta

Déanann Bord Stiúrtha Thearmann Éanna, atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha, stiúradh ar obair na heagraíochta. Is mar seo a leanas atá struchtúr foirne na heagraíochta:

- Bainisteoir Stiúrtha
- Riarthóir Oifige
- Oibrithe seirbhíse (4 idir oibrithe lánaimseartha agus páirt-aimseartha)
- Seirbhís Cúram Baile – (23 / 24 oibrí a fhaigheann íochta de réir líon na n-uaireanta déanta)

Faoi mar a thagann méid ar sheirbhísí na heagraíochta is ceart a bheith ag súil go mbeidh níos mó foirne á earcú ag an eagraíocht. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás an réimse seirbhís cúram baile leis an bhfoireann ag méadú agus ag ísliú ó thráth go chéile.

Na seirbhísí lena mbaineann an tairiscint

Tá Bord Stiúrtha Thearmann Éanna tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr riaracháin airgeadais na heagraíochta agus dá thoradh sin tá sé i gceist na socraithe seo a leanas a chur in áit:

- Ceapfar comhlacht nó duine aonair chun seirbhísí cuntasáíochta agus párolla a sholáthar
- Ceapfar comhlacht cuntasáíochta chun seirbhísí iniúchta a sholáthar. Is féidir go mbeadh an comhlacht nó an duine céanna a sholáthraíonn na seirbhísí cuntasáíochta agus párolla ag cur an tseirbhís iniúchta ar fáil chomh maith, ach na cáilíochtaí iniúchta cuí a bheith acu
- Ceapfar iniúchóir inmheánach don eagraíocht. Ní féidir leis an iarrthóir rathúil i gceachtar den dá réimse eile feidhmiú mar iniúchóir inmheánach.

Baineann an tairiscint seo le **Seirbhísí Cuntasáíochta agus Párolla amháin**. Tá Tearmann Éanna ag lorg tairiscintí do sheirbhísí cuntasáíochta agus párolla mar chonradh aonair seachas mar dhá chonradh ar leith. Ní mór mar sin go mbeadh ar chumas an iarratasóra an dá chineál seirbhíse a sholáthar.

Seirbhísí Cuntasáíochta

Teastaíonn ó Thearmann Éanna a chinntiú go bhfuil córais oiriúnacha airgeadais i bhfeidhm a thacaíonn le dea-riaradh na heagraíochta agus a thugann eolas riachtanach don bhainisteoir agus don Bhord Stiúrtha maidir le staid airgeadais an chomhlachta.

Faoi láthair tá córas ríomhaireachta Quickbooks in úsáid ag an gcomhlacht ina ndéantar taifead ar idirbheartanna airgeadais na heagraíochta. Déanann ball foirne de chuid na heagraíochta clárú ar na hidirbheartanna airgeadais sa chóras sin.

Beifear ag braith ar an té a cheapfar na seirbhísí cuntasáíochta seo a leanas, ar a laghad, a sholáthar:

- Cuntais bainistíochta míosúla a ullmhú
- Réiteach bainc a ullmhú ar bhonn míosúil
- Buiséad bliantúil a ullmhú
- Cinntiú go bhfuil córas smachtaithe airgeadais inmheánach in áit agus ag feidhmiú go sásúil
- Sonraisc mhíósúil a ullmhú i leith uaireanta a bhíonn údaraithe ag Feidhmeannais na Seirbhísí Sláinte don tseirbhís tacaíocht baile.
- Tuairisceán don Chlár Seirbhísí Pobail (clár maoinithe) a ullmhú faoi dhó sa bhliain nó de réir mar a bhíonn sin éilte ag POBAL.
- Monatóireachta a dhéanamh ar an ioncam cíos a bhíonn bailithe ag oifig na comhlachta go seachtainiúil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chíos tionóntaí ag deireadh gach bliain reatha. Beidh na sonraí ar fad bailithe ag oifig na comhlachta.
- Comhairle a chur ar an mBord Stiúrtha agus ar an mBainisteoir go réamhghníomhach agus ar iarratas maidir le cúrsaí airgeadais na heagraíochta
- Dréacht-ráitis airgeadais a ullmhú i gcóir iniúchadh seachtrach
- Tacú le hobair an iniúcháora inmheánaí/seachtracha
- Cur i láthair a dhéanamh don Bhord Stiúrtha i dtaobh staid airgeadais na heagraíochta faoi dhó sa bhliain nó ag aon tráth eile a lorgáitear an méid sin, ní mór a bheith in ann é seo a dhéanamh go cumasach trí Ghaeilge.
- Freagracht a ghlacadh as a chinntiú go bhfuil córas ríomhaireachta airgeadais oiriúnach in áit agus suas chun dáta

Seirbhísí Párolla

Teastaíonn ó Thearmann Éanna comhlacht nó duine aonair a cheapadh chun seirbhísí párolla a sholáthar. Is go coicisiúil a ritear an párolla don fhoireann faoi mar atá sonraithe i Struchtúr na hEagraíochta thuas.

I gcás an tseirbhís tacaíocht baile bíonn an párolla ag braith ar líon na n-uaireanta a bhí déanta ag an bhfoireann oibre sa tréimhse lena mbaineann. Déanann an riarthóir oifige nó an comhordaitheoir seirbhíse tátail ar líon na n-uaireanta a bhíonn i gceist agus tá córas bileog ama i bhfeidhm chun an méid seo a éascú. Cuirfear líon na n-uaireanta ar fáil faoi am lóin ar an Mháirt ar an tseachtain íocaíochta agus táthar ag súil go mbeidh sonraí an phárolla curtha ar fáil do Thearmann Éanna faoi thráthnóna Dé Céadaoin chun go mbeidh na híocaíochtaí próiseáilte go tráthúil. Is gá go mbeadh na híocaíochtaí i gcuntas banc na n-oibrithe faoin Aoine don tseachtain lena mbaineann.

I gcás na n-oibrithe eile bíonn líon na n-uaireanta seasmhach agus dá bhrí sin níl aon chastacht faoi leith i gceist. I láthair na huairé tá an párolla á phróiseáil ar chóras Quickbooks na heagraíochta

Táthar ag súil go gcuirfear ar a laghad na seirbhísí párolla seo a leanas ar fáil

- Párolla iomlán a láimhseáil bunaithe ar na hionchuir a chuireann Tearmann Éanna ar fáil
- Tuairiscí párolla a chur ar fáil i gcomhréir leis na hamscálaí luaite thuas
- Aisbhaintí cánacha a ríomh go cruinn agus sonraí a chur ar fáil go tráthúil agus i gcomhréir le hamscálaí reachtúla
- Doiciméid agus tuairiscí cánacha ar nós P60, P35, P45 srl a sholáthar go tráthúil
- Tuairiscí faoi leith maidir leis an bpárolla a sholáthar don chomhlacht faoi mar a lorgáitear iad
- Comhairle a chur ar an mBord Stiúrtha agus ar an mbainisteoir maidir le héifeacht agus éifúlacht na socraithe párolla

ÁBHAR NACH MÓR A BHEITH SAN IARRATAS TAIRISCEANNA

- Eolas ginearálta faoin gcomhlacht nó an soláthraí seirbhíse
- Eolas faoin duine nó na daoine a bhéas i mbun soláthar na seirbhísí go díreach, agus go háirithe an taithí agus na cáilíochtaí atá acu
- Cuntas ar an mbealach a thabharfar faoi soláthar na seirbhísí cuntasaíochta agus párolla faoi mar atá siad sonraithe thuas
- An costas a bhainfidh le soláthar na seirbhísí agus sonraí maidir le haon struchtúr praghsála atáthar a mholadh. Ba chóir mionsonraí maidir leis na costais a sholáthar ag idirdhealú idir an tseirbhís cuntasaíochta agus an tseirbhís párolla. Is ceart na costais a bheith luaite gan CBL ach ba chóir an ráta CBL a lua.
- Cuntas ar aon tuiscintí go bhfuiltear ag brath air mar chuid den tairiscint
- Cumas gnó a dhéanamh trí Ghaeilge

Critéar Measúnaithe

Déanfar measúnacht ar na tairiscintí ag úsáid an critéir seo leanas:

Critéar	Luach
Caighdeán na dtograí tairisceana	15%
Léiriú ar chumas na heagraíochta na seirbhís seo a chur i gcríoch go sásúil	25%
Fianaise maidir le taithí agus inniúlacht an chomhlachta i soláthar seirbhísí den chineál seo	25%
Costas	35%

Spriocdháta & Eolas Breise

Ba chóir an tairiscint a bheith faighte in oifigí Thearmann Éanna seo faoina **4.00 i.n. 21ú Deireadh Fómhair 2016** ar a dhéanaí. Glacfar le tairiscintí tríd an bpost amháin.

Is féidir **cóip crua** den tairiscint i gclúdach dúnta le hainm agus seoladh an comhlachta agus é marcáilte **TAIRISCINT – SEIRBHÍS CUNTASAÍOCHTA & PÁROLLA** a chur chuig:

Máirtín Ó Donnchadha

Rúnaí, Tearmann Éanna Teo.

An Tulach, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe

I gcás go bhfuil eolas breise ag teastáil, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig Tearmann Éanna d'aire Peigí Uí Chéidigh ag tearmanneanna@eircom.net. **Ní fhreagrófar aon cheisteanna maidir leis an tairiscint tar éis 4.00 i.n. 14ú Deireadh Fómhair 2016.** Aon eolas breise a thabharfar do thairisceoir amháin, tabharfar do gach tairisceoir é.

Téarmaí agus Coinníollacha

- Beidh ar an gconraitheoir roghnaithe agus/no aon fhochonraitheoir a cheaptar teastas glanta cánach bailí a chur ar fáil nó i gcás comhlacht neamhchónaitheach Ráiteas Oiriúnachta óna Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil siad sásta leis an gceapachán ar chúinsí cánach.
- Glacfaidh Tearmann Éanna Teo leis an tairiscint a chuireann an buntáiste eacnamaíoch is mó ar fáil don chomhlacht. Ní gá gurb í sin an tairiscint is ísle. Ní bheidh aon dliteanas ar Thearmann Éanna maidir le costais a eascraíonn as aisfhreagra a thabhairt ar an gcuireadh seo chun tairiscint a dhéanamh.
- Ba chóir do gach páirtí atá ag déanamh tairisceana a bheith ar an eolas go bhfuil feidhm ag an reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le Cosaint Sonraí, Pá Íosta (ar a n-áirítear comhaontuithe tionscail agus earnála atá ina gceangal dlí), Bainistíocht Dramhaíola, an Comhshaol, agus Sláinte agus Sábháilteacht. Táthar ag súil leis go gcomhlíonfaidh an tairgeoir rathúil na gnéithe ábhartha den reachtaíocht sin.
- Is féidir le Tearmann Éanna Teo deireadh a chur leis an bpróiseas tairisceana seo ag aon am sula mbronntar an conradh agus gan aon dliteanas a bheith ag eascairt as an méid sin.